CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1843 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Meán Fómhair 2022

lena n-údaraítear don tSualainn rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le peitreal, gás-ola gan mharcáil agus breoslaí coibhéiseacha a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas ([1]), agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir an 6 Bealtaine 2022, d'iarr an tSualainn, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, údarú chun rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le peitreal, gás-ola gan mharcáil agus breoslaí coibhéiseacha a úsáidtear mar bhreoslaí mótair. Sholáthair údaráis na Sualainne faisnéis bhreise agus soiléirithe breise chun tacú leis an iarraidh an 19 Bealtaine 2022 agus an 24 Bealtaine 2022. Iarradh go mbeadh feidhm ag an údarú go ceann tréimhse 3 mhí.

(2) De réir údaráis na Sualainne, is é is aidhm do chur i bhfeidhm ráta cánach laghdaithe tionchair shóisialta agus eacnamaíocha praghsanna arda miondíola peitril, gás-ola gan mharcáil agus breoslaí coibhéiseacha a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, atá mar thoradh ar an staid eisceachtúil gheopholaitiúil, a mhaolú, praghsanna a dhéanann difear díreach do theaghlaigh agus do chuideachtaí araon. De réir a measúnaithe, ós tír í an tSualainn inar tearc an daonra agus ina mbítear, dá bhrí sin, ag brath go mór ar an ngluaisteán, tá sé d'aidhm ag na rátaí laghdaithe dleachta máil freastal ar na riachtanais laethúla a bhaineann le hídiú breoslaí mótair trí rannchuidiú le tionchar an mhéadaithe ar phraghsanna miondíola a mhaolú.

(3) Ní dócha go ndéanfaidh an t-údarú a iarradh saobhadh ar iomaíocht ná go gcuirfidh sé bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. I bhfianaise a ghiorra atá sé agus na n-imthosca eisceachtúla atá nasctha leis an staid gheopholaitiúil, mar aon le praghsanna arda eisceachtúla ar amhola, meastar go bhfuil an t-údarú a iarradh leormhaith comhréireach. Baintear cothromaíocht amach leis an údarú idir na cuspóirí sonracha beartais dá dtagraítear in Airteagal 19(1), an tríú fomhír, de Threoir 2003/96/CE, go háirithe beartas comhshaoil an Aontais agus an éigeandáil phráinneach chun inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú do ghnólachtaí agus do theaghlaigh. Dhéanfadh an laghdú cánach na costais mhéadaithe fuinnimh a fhritháireamh go pointe áirithe, agus níl sé carnach le laghduithe cánach d'aon chineál eile.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart a údarú don tSualainn rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le peitreal, gás-ola gan mharcáil agus breoslaí coibhéiseacha a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, mar a iarradh.

(5) De bhun Airteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, tá gach údarú a dheonaítear faoin bhforáil sin le bheith teoranta go docht ó thaobh ama de. Mar sin féin, ionas nach ndéanfar dochar d'fhorbairtí ginearálta a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, is iomchuí a fhoráil gur cheart, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, córas modhnaithe ginearálta a thabhairt isteach chun cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus leictreachais arb ina leith nach n-oiriúnófaí an t-údarú, go scoirfeadh an t-údarú sin d'fheidhm a bheith aige an lá a thiocfaidh an córas modhnaithe sin chun bheith infheidhme.

(6) Tá an cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir leis an Státchabhair,

([1]) IO L 283, 31.10.2003, lch. 51.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear don tSualainn rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le peitreal, gás-ola gan mharcáil, agus breoslaí coibhéiseacha a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, faoi bhun na n-íosleibhéal ábhartha cánachais dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Eanáir 2023.

Mar sin féin, i gcás go ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, córas modhnaithe ginearálta a thabhairt isteach i dtaca le cánachas táirgí fuinnimh agus leictreachais arb ina leith nach n-oiriúnófaí an t-údarú a deonaíodh in Airteagal 1 den Chinneadh seo, scoirfidh an Cinneadh seo d'fheidhm a bheith aige an lá a thiocfaidh an córas modhnaithe ginearálta sin chun bheith infheidhme.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht na Sualainne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA